C/2025/3162

20.6.2025

P10_TA(2025)0025

Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair a cheapadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2025 ar an togra maidir le Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair a cheapadh (N10-0006/2025 – C10-0032/2025 – 2025/0903(NLE))

(Formheas)

(C/2025/3162)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 maidir le Miguel Carcaño Saenz Cenzano a cheapadh ina Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair (C10-0032/2025),

— ag féachaint d'Airteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ([1]),

— ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta AE ([2]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: coinbhleachtaí leasa tar éis fostaíocht phoiblí a chosc ([3]),

— ag féachaint do Riail 135 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0026/2025),

A. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 56(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 go ndéanfar Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 56(3) den Rialachán sin a cheapadh ar bhonn fiúntais, scileanna, eolas ar chúrsaí baincéireachta agus airgeadais, agus ar bhonn taithí ábhartha a bhaineann le maoirseacht airgeadais, rialáil airgeadais agus réiteach bainc;

B. de bhrí go bhfuil Parlaimint na hEorpa do chothromaíocht inscne a áirithiú sna príomhphoist i réimse na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais; de bhrí gur cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais agus náisiúnta bearta nithiúla a chur chun feidhme chun cothromaíocht inscne a áirithiú;

C. de bhrí gur ghlac an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, an 15 Eanáir 2025, gearrliosta do phost Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair;

D. de bhrí gur sholáthair an Coimisiún an gearrliosta do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 56(6) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014;

E. de bhrí, an 19 Feabhra 2025, gur ghlac an Coimisiún togra chun Miguel Carcaño Saenz Cenzano a cheapadh mar Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair agus gur tharchuir sé an togra sin chuig Parlaimint na hEorpa;

F. de bhrí go ndearna an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta meastóireacht ansin ar dhintiúir an iarrthóra mholta d'fheidhmeanna Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 56(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014;

G. de bhrí go raibh éisteacht ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta le Miguel Carcaño Saenz Cenzano an 3 Márta 2025, arb éisteacht í ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an Choiste ina dhiaidh sin;

([1]) IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj.
([2]) Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0211.
([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0017.

1. ag formheas cheapachán Miguel Carcaño Saenz Cenzano mar Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair go ceann tréimhse cúig bliana;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais na mBallstát.